C/2025/5528

13.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12128 — EVH GE / HSBC / SPEICHERWERKE MERBITZ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5528)

1. An 2 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([1]) ón gComhairle.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EVH Grüne Energie - Beteiligung GmbH & Co. KG ('EVH GE', an Ghearmáin), faoi rialú chathair Halle (an Ghearmáin),

— HSBC Alternative Investments S.C.A. SICAV-RAIF ('HSBC Alternative Investments', Luxemburg), a bhaineann leis an nGrúpa HSBC (an Ríocht Aontaithe),

— An comhfhiontar Speicherwerke Merbitz GmbH & Co. KG ('Speicherwerke Merbitz', an Ghearmáin).

Gheobhaidh EVH GE agus HSBC Alternative Investments rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 4 den Rialachán um Chumaisc, ar Speicherwerke Merbitz ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EVH GE gníomhach i nginiúint agus soláthar leictreachais, gáis agus teasa, agus i bhforbairt agus oibriú saoráidí comhfhreagracha,

— Is cuideachta infheistíochta é HSBC Alternative Investments atá faoi úinéireacht an ghrúpa HSBC é. Tá grúpa HSBC gníomhach i ndeighleoga éagsúla den tionscal baincéireachta.

3. Déanfaidh Storagewerke Merbitz stóras ceallraí a thógáil agus a oibriú in Wettin-Löbejün (an Ghearmáin).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san ([2]) Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12128 — EVH GE / HSBC / SPEICHERWERKE MERBITZ

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË